**Ár nAthair atá ar neamh, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh mar a ndéantar ar neamh.   Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu, agus maith dhúinn ár bhfiacha mar a mhaithimidne dár bhfeichiúna féin, 's ná lig sinn i gcathú ach saor sinn ó olc , Aiméan.**

**Fan againn, fan againn, fan againn a Thiarna**

**Gabh ár gcoimirc a Chorp ghlan Íosa,**
**Abhlann Naofa is mó maoin.**
**Saor ár gcroí ó cioth na peacaí,**
**Aoibhinn Do theacht a thiarna caoin.**
**Aiméan a Thiarna, aiméann.**

**Fógraí:**
Tá **léitheoirí agus ministéirí na hEochairiste** ag teastáil i séipéil an Chnoic agus séipéil na Tulaigh le bhur dtoil. Cuir scéal ag an oifig 091 593122 nó r. phost seip.n.ainnin@gmail.com  seip.n.colmcille@gmail.com

Tá **cludaí ar mhaithe le Trócaire** ag deireadh na Séipéil. Is feidir libh iad a usáid nó is féidir libh síntúis a chur i gclúdach agus é a chur sa gciseáin am bith go dtí deireadh na míosa.

**Lá Lus an Chromchinn Márta 2022**.  Míle Buíochas don phobal a bhí fíor flathiúil linn ar an lá agus dóibh siúd a thug ceanna úra dhúinn**. Bailiódh 3,610 Euro** ar mhaithe le **Cumann Ailse na hÉireann** ó cheantair Leitir Mealláin go Indreabhán. Buíochas le húineirí na siopaí a thug deis iad a dhíol agus le chuile dhuine a thug cúnamh ar an lá. Go mba seacht fearr a bheas sibh uilig bliain ón am seo.

**Oilithreacht na Gaeilge  Cnoc Mhuire**
**Dé Domhnaigh, 24ú Lá  Aibreán 2022**

************************************************************

**Paróiste an Chnoic**
**Séipéal N. Ainnín   &   Séipéal N. Cholmcille**
Teileafón: 091 593122; Fón póca: 087 6044460
**R.phost:** seip.n.ainnin@gmail.com  **seip.n.colmcille@gmail.com**
**Aifreann ar an idirlíon ag** http://www.mcnmedia.tv
**Ar an raidió go háitiúl ar 105.5fm**

************************************************************

**AN DARA DOMHNACH DEN CHÁISC** ***24ú Aibreáin 22***



***Sé Íosa an firéan a shaothraigh ár n-anam***
***É rinne muid a cheannach ón ndaoirse***
***Dfhulaing Sé páis agus bás ar an gcrois***
***I ngeall ar na peacaí níonns muid.  Agus Aleluluia***

## Aifrinn -  Séipéal Naomh Ainnín an Chnoc

**Dé Sathairn:** **23ú 7.30 i.n.** Maire & Padraig Ó Droighneáin, Teach Mór.  Padraic Óg Ó Conghaile, Inis Meáin.
**Dé Domhnaigh:** **24ú 11.30 r.n.** An tAthair Padraic Ó Neachtain
**De Céadaoin:** **27ú 7.00 i.n.**
**Dé hAoine:** **29ú 10.00 r.n.**
**Dé Sathairn:** **30ú 7.30 i.n** Mary Cook (Aif. Miosúil)
**Dé Domhnaigh:** **1ú 11.30r.n.** Padraic Ó Coistealbha, a bhean Bríd & a iníon Myria

## Aifrinn - Séipéal Naomh Cholmcille, an Tulach

**Dé Sathairn:** **23ú 6.00 i.n.** Mairtin Ó Conghaile, Banrach
**Dé Domhnaigh:** **24ú 10.00 r.n.** Bartla & Baibín Ó Clochartaigh
**Dé Luan:** **25ú 10.00 r.n.**
**Déardaoin:** **28ú 7.00 i.n.**
**Dé Sathairn:** **30ú 6.00 i.n** Seamúisín Mac Donnacha, Na Creagáin.
**Dé Domhnaigh:** **1ú 10.00 r.n.**

**An Léacht** *Sliocht as Gníomhartha na nAspal -- 5:12-16*
Is iomaí míorúilt agus iontas a rinneadh trí lámha na n-aspal i measc an phobail. Agus bhíodh siad uileag ar aon toil i bpóirse Sholaimh. Ní raibh sé de mhisneach ag duine ar bith eile dul ina gcuideachta; ach thug an pobal ardmholadh dóibh. Agus chuaigh líon na bhfear agus na mban a chreid sa Tiarna i méid, sa gcaoí 's go dtugaidís na heasláin amach ar na sráideanna, agus go gcuiridís ar leapacha agus ar shráideoga iad, ionas, ar thíocht do Pheadar, go dtiteadh a scáil ar dhuine acu ar a laghad, agus go saortaí óna n-éagruais iad. Agus thagadh go leor go hIarúsailéim freisin as na cathracha mórthimpeall, agus iad ag iompar daoine tinne agus daoine a bhíodh á gcrá ag spioraid neamhghlana; agus leigheastaí iad uileag.
**Sin é Briathar Dé. Freagra:** *Buíochas le Dia*

**Freagra: Canaigí amhrán nua do'n Tiarna óir rinne sé eachtaí.**

Canaigí amhráan nua don Tiarna
óir rinne Sé éachtaí
Le neart a dheas s láimhe 'sa chuisle naofa
Rug sé bus dó féin. Fr.

Chonaic críocha uile na cruinne
Slánú ár nDé
Gairdigí sa Tiarna a chríocha uile
Agus nochtaigí bhur náthas Dó Fr.

Canaigí salm don Tiarna leis an gcruit
Is le fuaim na cláirsí
Tugaigí gártha le fuaim stoic is adhairce
don Tiarna ár Rí. Fr

**Agus ailleliulá** '
Má maslaítear ár gcolann ní baolach d'ár n-anam, ach ná séanaigí m'ainm-se choíche.

**An Soiscéal** *Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin -- 20:19-31*
Tráthnóna an lae chéanna an chéad lá den tseachtain, agus na doirse faoi ghlas le faitíos roimh na Giúdaigh, san áit a raibh na deisceabail, tháinig Íosa agus sheas sé ina measc agus dúirt sé leo: "Síocháin daoibh!" Á rá sin dó, spáin sé dóibh a lámha agus a chliathán. Bhí áthas ar na deisceabail nuair a chonaic siad an Tiarna. Dúirt Íosa leo ansin arís: "Síocháin daoibh! Díreach mar a chuir an tAthair mise uaidh tá mise do bhur gcursa uaim chomh maith." Agus á rá sin dó d'análaigh sé orthu agus dúirt sé leo: "Glacaigí an Spiorad Naomh. Na daoine a maithfidh sibh a bpeacaí dóibh, beidh siad maite dóibh, na daoine a gcoinneoidh sibh a bpeacaí, beidh a bpeacaí coinnithe." Tomás, duine den dáréag, ar a dtugtar an Leathchúpla, ní raibh sé leo nuair a tháinig Íosa. Dúirt na deisceabail eile leis; "Chonaic muid an Tiarna." Ach dúirt sé leo: "Mura bhfeicfidh mé lorg na dtáirní ar a lámha agus mo mhéar a chur i bpoll na dtáirní agus mo lámh ina chliathán ní chreidfidh mé." Ocht lá ina dhiaidh sin, bhí a dheisceabail istigh arís, agus Tomás in éineacht leo. Tháinig Íosa agus na doirse faoi ghlas, sheas sé ina measc agus dúirt: "Síocháin daoibh!" Ansin, dúirt sé le Tomás: "Cuir do mhéar anseo, breathnaigh mo lámha, sín amach do lámh agus cuir i mo chliathán í, agus ná bí gan creideamh ach creid." D'fhreagair Tomás: "Mo Thiarna agus mo Dhia." Dúirt Íosa leis: "De bhrí go bhfaca tú mé, a Thomáis, chreid tú. Is aoibhinn dóibh seo nach bhfaca agus a chreid." Rinne Íosa go leor míorúiltí eile os comhair a dheisceabal, ach níl aon chur síos orthu sa leabhar seo. Ach scríobhadh an méid sin le go gcreidfeadh sibh gurb é Íosa an Críost, Mac Dé, agus sibh ag glacadh leis an bhfírinne sin go mbeadh beatha agaibh ina ainm.
**Sin é Soiscéal Dé. Freagra:** *Moladh leis an Tiarna Íosa Críost*

***Rán na beatha, fíon an tslánaithe***
***Gníomhartha na seachtaine***
***Chugatsa a Rí***
***'Rán na beatha, fíon an tslánaithe***
***Íosa Mac Dé linn I gcónaí***

*An Ceiliúraí: Guígí a chairde, go nglaca Dia an tAthair uilechumhachtaí leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.*

***Pobal: Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha . chun onóra agus glóire a ainm agus chun socair dúinne is dá naomh eaglais uile***